

Tógaimis le chéile áiteanna foghlama a bheidh álainn agus inbhuanaithe!

An measann tú go bhfuil an t-oideachas ar cheann de na rudaí is tábhachtaí maidir le hathrú le haghaidh na todhchaí?

An bhfuil tú ag obair ar thionscadal atá dírithe ar bhreis áilleachta, inbhuanaitheachta agus cuimsitheachta a chur leis na heispéiris foghlama agus leis an gcomhroinnt eolais i do chomharsanacht?

Ba mhaith linn cabhrú leat do thionscadal a chur i gcrích go rathúil agus ar bhealach go mbeidh sé ina ábhar inspioráide ag daoine eile!

Roinn do thionscadal agus gabh isteach i líonra daoine agus eagraíochtaí páiseanta a dhéanann difríocht i ngach réimse ina bhfoghlaímíonn daoine – sa seomra ranga agus ar an tsráid, sa pháirc súgartha agus sa leabharlann, sna háiteanna oideachais agus eolais – san Eoraip agus níos faide i gcéin.

Iarraimid ORAIBHSE – saineolaithe, smaointeoirí, lucht gnímh, comharsana, airí, mic léinn, oideachasóirí nó taighdeoirí – a bheith linn ionas go gcuirfimid ár neart le chéile chun spásanna áille, inbhuanaithe, cuimsitheacha a chruthú, áit a múnlófar modhanna smaointe agus foghlama na todhchaí.

An bhfuil tú...

... i do chuid de chomhthionól comharsanachta a bhfuil smaointe an-mhaith aige faoi uirlisí foghlama nua d'ionad pobail, ach nach bhfuil na comhpháirtithe riachtanacha aige chun na smaointe sin a réadú? An oibrí rialtais áitiúil thú atá ag lorg céilí speárála ag a bhfuil an dearcadh

Cé na daoine ar féidir leo páirt a ghlacadh?

Daoine agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu leis an oideachas, leis an oiliúint, leis an bhfoghlaím neamhfhoirmiúil nó le tionscadail don óige, san Eoraip agus níos faide i gcéin.

Céard atáimid a lorg?

Táimid ag lorg tionscadail leanúnacha (ar cuireadh tús leo 2 bhliain ó shin ar a mhéad) nó tionscadail nua a chuirfidh bunathrú i gcrích agus a léiríonn luachanna an Bauhaus Eorpaigh Nua i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an eolais, atá dírithe ar na nithe seo a leanas a athrú:

- áit fhisiciúil le haghaidh oideachais agus eolais
- na bealaí chun eolas a fhoghlaim nó a fháil agus/nó an fócas oideachais agus eolais
- an caidreamh leis an bpobal áitiúil

Cé gurb é an cuspóir atá ann na trí ghné sin den athrú a nascadh, tá fáilte, freisin, roimh tionscadail a forbraíodh de réir dhá ghné díobh.

céanna? Nó an mbaineann tú le hollscoil atá ag iarraidh bealaí oibre trasdisciplíneacha a chur i bhfeidhm? An múinteoir thú atá ag streachailt, de dheasca srianta laethúla, le pleananna iontacha a chur i gcrích? Nó taighdeoir atá ag lorg réimsí iarratais chun cruthúnas ar choincheap a sholáthar? An ailtire thú a thuigeann conas is féidir le suíomh álainn feidhmiúil an fhoghlaim a fheabhsú agus atá ag iarraidh an t-eolas sin a úsáid i dtionscadal amach anseo? Agus an bhfuil tú sásta do thairbhí a chomhroinnt maidir leis an athchóiriú a rinne tú ar do scoil le déanaí?

Ortsa atá an ghairm seo dírithe!

Tríd an ghairm seo táimid ag lorg tionscadal atá dírithe ar áiteanna foghlama a bhunathrú chun áit fhisiciúil a chruthú ina mbeidh modhanna oideolaíocha nuálacha nó bealaí nua chun eolas a chruthú agus a bheidh nasctha leis an bpobal áitiúil. Mar shampla, smaoinigh ar ghairdín pobail ina gcomhoibríonn daoine aosta agus páistí scoile ar chleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe. Nó foirgneamh ollscoile a spreagann dámha éagsúla le comhoibriú, i gcuideachta saoránach áitiúil, ar shaincheisteanna sochaíocha trasdisciplíneacha. Nó ardán digiteach a bheidh ina nasc idir comharsana maidir le saincheist inbhuanaitheachta áirithe ar tábhachtach scileanna nua chun tabhairt fúithi.

Féadfaidh na tionscadail a bheith beag nó mór, gearr nó fada, agus féadfaidh siad a bheith ina dtionscadail arna dtionscnamh go háitiúil nó go náisiúnta, fad agus go nascaidh siad le chéile, i bpróiseas bunathraithe, áit fhisiciúil agus bealaí agus ábhar foghlama agus an timpeallacht áitiúil.

Cén fáth a mbeifeá rannpháirteach ann?

Ach an ghairm seo a fhreagairt agus do thionscadal a chur i láthair:

- beidh do thionscadal níos feiceálaí agus ina chuid den tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua
- beidh tú nasctha le líonra trasnáisiúnta de thionscnóirí tionscadal atá ar aon mheon le chéile agus de chomhpháirtithe ionchasacha ón Eoraip agus níos faide i gcéin
- gheobhaidh tú rochtain ar chruinnithe agus ar imeachtaí atá ceaptha chun tacú le d'iarrachtaí trí chleachtais agus eispéiris ábhartha
- beidh tú ag ullmhú chun do thionscadal a chur san iomaíocht le haghaidh eagrán 2023 de Dhuisceanna an Bauhaus Eorpaigh Nua gona fhócas ar an oideachas

Féadfaidh sé gur tionscadail iad atá ar siúl cheana nó tionscadail atá ina dtús

Ba cheart na tionscadail a bheith ina léiriú ar bhunluachanna an Bauhaus Eorpaigh Nua: an timpeallacht bheo a dhéanamh álainn, inbhuanaithe agus cuimsitheach, agus é sin a dhéanamh ar bhealach gurb iad na daoine a bheidh ina lár agus nach mbeidh aon idirdhealú ann ó thaobh aois daoine ná ó thaobh an chineáil eolais atá acu.

Cén buntáiste atá ann duit?

Beidh deis ag na tionscadail leanúnacha dul chun cinn níos tapa a dhéanamh ach nascadh le líonra an Bauhaus Eorpaigh Nua – mar shampla, trí na

comhpháirtithe cearta a aimsiú le haghaidh cur chun feidhme nó le haghaidh uas-scálú, trí leas a bhaint as an mbreis feiceálachta chun spéis an rialtais áitiúil a ghnóthú agus chun daoine eile a fháil a mhalartóidh dea-chleachtais, nó trí chruthúnas ar an gcoincheap a sholáthar agus, dá réir sin, an t-aitheantas a theastaíonn ó infheisteoirí ionchasacha

Rud eile – má bhíonn tú páirteach, beidh sé níos éasca a bheith rannpháirteach i nduais an Bauhaus Eorpaigh Nua in 2023 (gona fhócas ar an oideachas agus ar an eolas) agus osclófar líonra duit de ghníomhaíochtaí agus de scéimeanna cistiúcháin eile atá ar bun nó atá le teacht agus a bhaineann le foirgnimh agus oideachas.

Trí na réitigh, na cruthúnais ar choincheapa agus na dea-chleachtais is fearr a bhailiú le haghaidh na dtimpeallachtaí foghlama uile a bheidh againn sa todhchaí, féachtar leis an ngairm seo le líonra mór comhoibríoch a dhéanamh agus le feiceálacht a thabhairt do na dea-chleachtais atá ar bun sa mhórphobal. Trí sin a dhéanamh, is féidir linn luas a chur le forbairt bealaí foghlama a bheidh álainn, inbhuanaithe, cuimsitheach (agus dírithe ar shaol an duine ó óige go haois) – laistigh agus lasmuigh den seomra ranga!

I seisiúin líonraithe rialta ar líne agus as líne i rith 2022 gheobhaidh tú an seans líonrú le daoine eile trí dhúshláin thráthúla a sheolfar i saotharlann an Bauhaus Eorpaigh Nua (saotharlann BEN) agus ina líonra leathan. Leis na seisiúin sin, is féidir inspioráidí nua a fháil agus a thabhairt, is féidir líonrú go pearsanta agus is féidir do dhea-chleachtas a thaispeáint ar líne, ach is féidir sin a dhéanamh freisin ag Féile an Bauhaus Eorpaigh Nua i mí an Mheithimh, agus ag an gcomhdháil speisialta tiomnaithe Oideachais i bhfómhar 2022.

An bhfuil spéis agat ann?

[Roinn do thionscadal anois!](#)

Ná déan dearmad cur síos a dhéanamh ar an rud ba mhaith leat a ghnóthú agus ar

Cad a tharlóidh tar éis d'iarratas a chur isteach?

Tar éis duit d'iarratas a chur isteach, gheobhaidh tú deimhniú go bhfuil do thionscadal cláraithe mar chuid den tionscnamh.

In Aibreán 2022, tosófar ag scagadh na n-iarratas d'fhonn coincheapa nó smaointe comhchosúla a ghrúpáil. Déanfar athbhreithniú rialta ar iarratais agus cuirfear le grúpaí atá ann cheana nó cuirfear i ngrúpaí nua ábhar iad níos faide ar aghaidh.

I mí an Mheithimh, foilseofar an fhaisnéis seo ar shuíomh Gréasáin Bauhaus Eorpaigh Nua.

I mí na Bealtaine, molfaidh an Coimisiún sraith deiseanna chun luas a chur leis na tionscadail trí mhalartuithe, trí phlé ar chleachtais, agus trí naisc le saineolaithe, lena n-áirítear le linn seisiúin shonracha i saotharlann BEN.


Ag deireadh Mheán Fómhair/Deireadh Fómhair, eagrófar imeacht tiomnaithe ina ndéanfaimid breithniú ar an dul chun cinn a bheidh déanta ag na coincheapa. Tabharfar léargas freisin ar an duais agus ar na roghanna éagsúla maoinithe a sholáthraíonn an Coimisiún.

an rud ba mhaith leat a roinnt. Mairfidh an tréimhse chlárúcháin go dtí mí na Nollag 2022, ionas go mbeidh deis ag an líon is mó is féidir tionscnamh a bheith páirteach ann.

An bhfuil aon cheist agat?

Is féidir ceisteanna faoin ngairm seo a sheoladh chuig:

EC-New-European-Bauhaus@ec.europa.eu



New European Bauhaus
beautiful | sustainable | together



an Bauhaus Eorpaigh Nua

An áilleacht | An inbhuanaitheacht | Le chéile

Cúlra: Cén fáth an tOideachas san Bauhaus Eorpach Nua

Is tionscnamh cruthaitheach, idirdhisciplíneach ón gCoimisiún Eorpach é an Bauhaus Eorpach Nua, tionscnamh lena ndéantar nasc idir an [Comhaontú Glas don Eoraip](#) agus na spásanna ina mairimid agus ár gcuid eispéireas. Tá sé bunaithe ar thrí bhunluach:

An inbhuanaitheacht - idir spriocanna aeráide agus chiorclaíocht, idir thruailliú nialasach agus bhithéagsúlacht

An áilleacht - cáilíocht an eispéiris agus na stíle, de bhreis ar an bhfeidhmiúlacht¹⁴⁷⁹

Le chéile - an meas ar an éagsúlacht, agus áirithiú na hinrochtaineachta agus na hinacmhainneachta

An 15 Meán Fómhair 2021, ghlac an Coimisiún doiciméad, doiciméad den chineál ar a dtugtar 'Teachtaireacht', ina gcuirtear i láthair coincheap an Bauhaus Eorpaigh Nua agus é sin bunaithe ar thorthaí ó fhardal leathan, ó phróiseas comhdhearthóireachta inar thug breis agus 2000 rannpháirtí ionchur maidir leis an treo ba cheart a dhul leis an tionscnamh. Is é an t-oideachas a tháinig in uachtar mar théama uileghabhálach tábhachtach. Chuir na rannpháirtithe in iúl go láidir gurb é an t-oideachas a bheadh ina bhonn faoi aon athrú a dhéanfaí, agus go gcaithfidimid oideachas a chur ar leanaí, as a n-óige luath, ionas go gcaithfidh siad a saol ar bhealach níos inbhuanaithe agus níos cothroime. Trí oideachas agus eolas, is féidir linn daoine ó ghlúnta éagsúla a thabhairt le chéile - bunaithe ar luachanna comhchoiteanna agus ar an bhfoghlaim tríd an déanamh agus trí réaltachtaí éagsúla a nascadh. Leag na freagróirí béim freisin ar na scileanna nua a theastaíonn don réaltacht nua seo. D'fhéadfaí ailtirí agus oibríthe foirgníochta a spreagadh chun níos mó oibre a dhéanamh le huirlisí digiteacha, rud a d'fhéadfadh cabhrú caillteanas ábhar a sheachaint, agus d'fhéadfadh an inbhuanaitheacht agus an smaointeoireacht saolré a bheith ina chroí-ábhar san oiliúint agus sa chleachtas.

Mar phointe deiridh, bealaí foghlama nach bhfuil chomh foirmiúil, tugann siad grúpaí nua daoine le chéile agus cabhraíonn siad comhbhá a chruthú, cabhraíonn siad dlús a chur leis an gcomhroinnt eolais agus leis an gcomhthuiscint ar thopaicí casta in gceantair áitiúla – gnéithe ar ríthábhachtach dul i ngleic leo e.g. an inbhuanaitheacht a bheith ag fónamh chun comhghluaiseacht a chruthú i measc gnáthdhaoine ionsar shlí mhaireachtála a bheidh álainn, inbhuanaithe agus cuimsitheach, mar aon le saincheisteanna sistéamacha eile

Ciallaíonn sé seo gurb é an cuspóir foriomlán ná bunathrú a spreagadh ar an gcaoi a smaoinimid, a ngníomhaímid agus ina n-oibrímid, ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh ár sochaithe ó shaincheist na hinbhuanaitheachta agus ón digitiú. Tagann torthaí chéim an chomhdheartha go maith le móraidhm na bpleananna atá ag an gCoimisiún Eorpach: I dTionscnamh an Limistéir Eorpaigh Oideachais, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cuidiú le córas oideachais na hEorpa an t-aistriú i dtreo todhchaí ghlas agus dhigiteach a dhéanamh tar éis an Téarnaimh, agus cuireann sé i bhfios go láidir gur cheart é sin a bheith cuimsitheach. Is é an cion

speisialta a dhéanfaidh an Bauhaus Eorpaigh Nua ná a chinntiú go ndíreofar an t-aistriú sin ar ár leasna maidir le **timpeallacht mhaireachtála na todhchaí**.

Toisc gur cuid de Bhliain Eorpach na hÓige é an Bauhaus Eorpach Nua, díreofar aird ar leith ar an aos óg – mar úsáideoirí deiridh na gclár foghlama ach freisin mar lucht tosaithe smaointe – trí áit lárnach a thiomnú do dhaoine óga i bplé agus i nduais an Bauhaus Eorpaigh Nua.